

Fiosrúchán maidir le Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine

(IN-19-7-5)

Dáta an Chinnidh: 26 Eanáir 2022

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo maidir le sárú ar shonraí pearsanta a chur Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine in iúl don DPC ar an 30 Samhain 2018. Bunaíodh Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine ar an 16 Feabhra 1968 mar bhall de Chonradh na hÉireann de Chomhair Creidmheasa. Déantar rialú air ag Banc Ceannais na hÉireann faoi alt 84 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.

Bhain an sárú ar shonraí pearsanta le nochtadh neamhúdairithe de shonraí pearsanta i bhfoirm foilsíú neamhbheartaithe de shonraí baill ar an idirlíon. Cuireadh tuarascálacha boird áirithe a bhain le hiarrataí ballraíochta ar fáil go poiblí gan chuimhneamh trí thorthaí innill chuardaigh ar feadh tréimhse in 2018. De réir Comhair Creidmheasa Bhaile Shláine, tharla an eachtra seo de bharr uasdátú nach raibh Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine ag súil leis a rinneadh ar uirlis optamaithe innill chuardaigh suiteáilte ar an suíomh gréasáin.

Fuair an cinneadh sárúithe ar na forálacha seo a leanas den GDPR:

- Sháraigh Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine Airteagal 5(1)(f) agus 32(1) nuair nár chuir sé bearta eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun leibhéal slándála cuí a chinntiú i leith an riosca a cuireadh i láthair ag an bpróiseáil a dhéanann sé ar shonraí pearsanta a chuid ball;
- Sháraigh Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine Airteagal 24 agus 30(1) nuair nár chuir sé bearta eagraíochtúla cuí i bhfeidhm a chur cineál, scóip, comhthéacs agus cuspóirí a chuid próiseáil san áireamh, agus nuair nár chuir sé an t-eolas ábhartha ar fad san áireamh ina thaifead próiseála; agus
- Sháraigh Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine Airteagal 28(1) agus (3) nuair nach ndearna sé dícheall cuí ar a phróiseálaí agus nuair nár chuir sé aontas i bhfeidhm lena phróiseálaí a chomhlíon forálacha Airteagail 28(3) den GDPR.

Na cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm

- Rinne an cinneadh fineáil riaracháin a fhorchuir ar Chomhar Creidmheasa Bhaile Shláine san iomlán €5,000 maidir leis an sárú d’Airteagal 5(1)(f) den GDPR (prionsabal slándála próiseála).

**Cinneadh a bhfuil cumhachtaí ceartaitheacha ag baint leis déanta faoin Acht um Chosaint
Sonraí 2018**

- Thug an cinneadh iomardú do Chomhar Creidmheasa Bhaile Shláine maidir leis na sáruithe go léir.